# Seolann an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton TD, an chéad tuarascáil ar Threochtaí Teanga na hÉireann

**Baile Átha Cliath, Déardaoin 14 Bealtaine 2026:** Sheol an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton TD *Treochtaí Teanga na hÉireann* inné, tuarascáil arna coimisiúnú ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) agus ag Comhairle na Breataine, Éire thar ceann na roinne.  Thug taighdeoirí in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste faoin taighde agus scrúdaítear ann soláthar, glacadh agus dearcthaí foghlaimeoirí i leith nuatheangacha iasachta in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Seoladh an tuarascáil i Meánscoil Chnoc Cairmeil, Baile Átha Cliath, agus cuirtear léargais fhianaise-bhunaithe i láthair inti atá bunaithe ar fhreagraí ó cheannairí scoile agus ó scoláirí ar fud na tíre. Tugann sé forbhreathnú tábhachtach ar an soláthar teanga reatha, rannpháirtíocht sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach araon, agus dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn laistigh den chóras.

**Príomhthorthaí**

Tarraingítear aird sa tuarascáil Treochtaí Teanga na hÉireann ar an méid seo a leanas:

Tá scoláirí an lae inniu ag tabhairt faoi réimse níos éagsúla teangacha don Ardteistiméireacht.

- Tuairiscíonn idir 75% agus 80% de scoláirí go mbainfidh siad taitneamh as teangacha a fhoghlaim, go háirithe as na deiseanna chun scileanna cumarsáide labhartha a fhorbairt.
- Is í an Fhraincis an teanga is mó a mhúintear fós, agus tá an Spáinnis ag fás i gcónaí, go háirithe i measc foghlaimeoirí a mheasann go bhfuil sí níos inrochtana; thuairiscigh 69% de na freagróirí go raibh siad tar éis taisteal go dtí an Spáinn.
- Tá leibhéil arda rannpháirtíochta idirnáisiúnta ann, agus aithníonn scoláirí an cumas cumarsáid a dhéanamh agus iad ag taisteal mar phríomhbhuntáiste na foghlama teanga.
- Aithníonn ceannairí scoile gurb iad tuiscintí na bhfoghlaimeoirí ar ábharthacht an dúshlán is suntasaí a théann i bhfeidhm ar roghnú leanúnach na dteangacha.
- Cé go n-aithníonn formhór na bhfoghlaimeoirí úsáideacht ghinearálta teangacha, tá gá le feasacht a mhúscailt i measc scoláirí chun go dtuigfidh siad gur féidir le teangacha a bheith ábhartha i raon leathan gairmeacha seachas na conairí atá traidisiúnta nó a mheastar a bheith soiléir
- I measc na ngníomhaíochtaí saibhrithe foghlama teanga is rathúla tá malartuithe scoile agus imeachtaí cultúrtha, lena n-áirítear na cinn a eagraíonn PPLI amhail an fhéile bhliantúil, #SmaoinighArTheangacha.

Ag labhairt di ag an seoladh, dúirt an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton TD:

*"Ionchur tábhachtach a gcuirtear fáilte roimhe is ea foilsiú na tuarascála Treochtaí Teanga na hÉireann, a chuireann lenár dtuiscint ar fhoghlaim nuatheangacha iasachta i scoileanna ar fud na hÉireann. Tugann an taighde seo léargas luachmhar ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí, ar dhearcthaí agus ar sholáthar teangacha ag an leibhéal iar-bhunscoile, agus déanfaidh sé eolas d'fhorbairt beartais leanúnach, lena n-áirítear an straitéis a leanfaidh Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn."*

Leag an tAire béim freisin ar thiomantas leanúnach an Rialtais chun tacú le teagasc agus foghlaim teanga ar ardchaighdeán, agus luaigh sí an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht teanga, rannpháirtíocht idirnáisiúnta agus cinnteoireacht atá bunaithe ar thaighde chun a chinntiú go bhforbraíonn scoláirí na scileanna a theastaíonn chun bheith faoi bhláth i ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha.

Ba é an Dr Ian Collen, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a chuir an tuarascáil i láthair. Rinne seisean scrúdú ar phatrúin soláthair agus glactha teanga, chomh maith le dearcthaí foghlaimeoirí i leith na foghlama teanga ar fud an oideachais iar-bhunscoile in Éirinn.

Dúirt an Dr Collen, "*I gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe, tá straitéis teangacha ag Éirinn atá leagtha amach go soiléir, agus léiríonn ár sonraí go leor scéalta ratha - lena n-áirítear roghnú i bhfad níos airde de Nuatheangacha Iasachta suas go dtí aois 18. As na tíortha uile a ndearna mé staidéar orthu ina labhraítear an Béarla den chuid is mó, is ag Éirinn atá na bunchlocha is láidre le tógáil orthu sna blianta amach romhainn.*"

Bhí Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann, Kara Owen, i láthair freisin, rud a léiríonn an caidreamh láidir déthaobhach idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, mar aon leis an tiomantas comhroinnte chun foghlaim teangacha a chur chun cinn.

Luaigh an tAmbasadóir an luach a bhaineann le torthaí Treochtaí Teanga ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe a chur i gcomparáid ach tarraingt ar chlár taighde níos leithne Treochtaí Teanga Chomhairle na Breataine chun tacú le comhoibriú oideachais amach anseo agus leathnú a dhéanamh ar dheiseanna teanga do dhaoine óga. Dúirt Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann: *"Ó tharla go raibh an deis agam roinnt teangacha a fhoghlaim agus a úsáid i rith mo ghairme, táim i ndiaidh an chumhacht is féidir a bheith ag scileanna teanga a fheiceáil – ní hamháin chun deiseanna gairmiúla a chur ar fáil, ach chun tuiscint agus nasc a thógáil freisin." Sin é an fáth a bhfuil luach leis an tuarascáil Treochtaí Teanga na hÉireann: cuirtear léargas tábhachtach ar fáil inti ar an gcaoi a bhfuil daoine óga in Éirinn ag plé le teangacha inniu agus tarraingítear aird inti ar na bunchlocha láidre atá ann cheana féin. Ach peirspictíochtaí ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe a roinnt trí thaighde Treochtaí Teanga Chomhairle na Breataine, is féidir linn leanúint ar aghaidh de bheith ag foghlaim óna chéile agus tacú le níos mó daoine óga an mhuinín a fhorbairt chun rath a bhaint amach sa saol seo.*"

Tugadh ionadaithe ó dhreamanna oideachais agus ón rialtas le chéile ag an seoladh chun torthaí na tuarascála a mheas agus chun tuilleadh deiseanna a iniúchadh ar mhaithe le soláthar nuatheangacha iasachta a neartú i scoileanna ar fud na hÉireann.

Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán, lena n-áirítear anailís dhomhain agus modheolaíocht, anseo: *[Nasc chuig an Tuarascáil Taighde].*

**Nótaí d'Eagarthóirí**

**Maidir le Treochtaí Teanga na hÉireann**

Tugann Treochtaí Teanga na hÉireann achoimre náisiúnta ar sholáthar agus ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí le nuatheangacha iasachta ar fud an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais in Éirinn. Tacaíonn an tuarascáil le forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise agus pleanáil ar leibhéal an chórais san oideachas teanga. Is síneadh ar shraith Treochtaí Teanga Chomhairle na Breataine, a bunaíodh in 2002, é Treochtaí Teanga na hÉireann. Cuimsítear leis an tsraith suirbhéanna rialta ar sholáthar teanga i scoileanna ar fud Shasana, na Breataine Bige, Thuaisceart Éireann agus na hAlban agus soláthraíonn sí sonraí fadaimseartha ar threochtaí san fhoghlaim teanga

**Maidir le Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI)**

Is aonad tiomnaithe é Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) a sholáthraíonn saineolas agus tacaíocht d'oideachas teangacha iasachta in Éirinn. Faigheann PPLI a mhaoiniú ar fad ón Roinn Oideachais agus Óige, agus bunaíodh i Meán Fómhair 2000 é chun múineadh teangacha iasachta in iar-bhunscoileanna na hÉireann a éagsúlú, a fheabhsú agus a leathnú. Teangacha Iar-bhunscoile Éireann

**Maidir le Comhairle na Breataine, Éire**

Is í Comhairle na Breataine eagraíocht idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe le haghaidh caidreamh cultúrtha agus deiseanna oideachais. Tacaímid le síochain agus le rathúnas ach naisc, tuiscint agus muinín a chothú idir daoine sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha ar fud an domhain. Déanaimid é seo trínár gcuid oibre sna healaíona agus sa chultúr, san oideachas agus sa Bhéarla. Oibrímid le daoine i mbreis is 200 tír agus críoch agus táimid ar an láthair i níos mó ná 100 tír. In 2024-25, shroicheamar 600 milliún duine Comhairle na Breataine, Éire

**Maidir le Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017 - 2026**

Foilsíodh Déanann Teangacha Nasc i mí na Nollag 2017 agus tá sé mar aidhm aige múineadh agus foghlaim Teangacha Iasachta a mhéadú agus a fheabhsú ar fud an chórais oideachais.

I measc na bpríomhéachtaí a baineadh amach faoin straitéis tá:

- Rogha mhéadaithe teangacha iasachta ag leibhéal na hArdteistiméireachta (Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis agus Portaingéilis ó 2020)
- Tabhairt isteach teangacha iasachta ag leibhéal bunscoile ar bhonn céimnithe ó Mheán Fómhair 2026 agus clár uasoiliúna múinteoirí ar siúl
- Modúl sampla teanga iasachta 10 seachtaine, Cuir Fáilte roimh Theangacha ag an mbunleibhéal le breis is 1,500 bunscoil páirteach ann in 2025/26 ag baint úsáid as raon leathan teangacha iasachta
- Dúbailt a dhéanamh ar líon na gCúntóirí Teanga Iasachta ag leibhéal na hiar-bhunscoile ó 110 go 220.
- Imeacht #SmaoinighArTheangacha do scoláirí na hIdirbhliana chun feasacht a mhúscailt ar thábhacht na foghlama teanga agus chun roghnú teangacha don Ardteistiméireacht a chur chun cinn.  Ghlac breis is 21,000 scoláire Idirbhliana páirt in imeacht 2025.
- Rannpháirtíocht mhéadaithe sa chur chuige um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) i leith múineadh teangacha
- Maoiniú do scoileanna le haghaidh leabhair leabharlainne i dteangacha iasachta. malartuithe scoile, agus uasoiliúint múinteoirí.
- Ranganna Sathairn a chur ar fáil saor in aisce do scoláirí na hArdteistiméireachta
- Comhoibriú le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin ar thionscadal Foghlama Cumaisc do scoláirí Pholainnis na hArdteistiméireachta
- Pobail Chleachtais do mhúinteoirí teangacha iasachta.

Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas

in Éirinn 2017 - 2026

**Le haghaidh tuilleadh eolais:**

An Roinn Oideachais agus Óige: CAP_helpdesk@education.gov.ie

Teangacha Iar-bhunscoile Éireann:  Méabh Duffy meabh.duffy@ppli.ie / (083) 394 2700

Comhairle na Breataine, Éire: Katarina Loedel Katarina.Loedel@britishcouncil.org.